

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

BORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH

RABHADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 22 Meán Fómhair 2022

maidir le leochaileachtaí i gcóras airgeadais an Aontais

(BERS/2022/7)

(2022/C 423/01)

AN BORD GINEARÁLTA DON BHORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ⁽¹⁾, go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastaumachta an Aontais Eorpaigh ar an gcóras airgeadais lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 3(2)(c) agus Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ⁽³⁾, agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Go dtí seo, tá sé cruthaithe ag córas airgeadais an Aontais go bhfuil sé athléimneach ó thaobh teannas geopholaitiúil agus éiginnteacht eacnamaíoch a mhéadú. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar an dóchúlacht go dtiocfaidh cásanna ardriosca chun cinn ó thús 2022 agus is measa fós é mar gheall ar na forbairtí geopholaitiúla is déanaí. D'fhéadfadh rioscaí don chobhsaíocht airgeadais teacht chun cinn go comhuaineach, agus ar an gcaoi sin idirghníomhú lena chéile agus tionchar a chéile a mhéadú. Mar thoradh ar an teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid, tá méadú tagtha ar phraghsanna fuinnimh, rud a fhágann go bhfuil gnólachtaí agus teaghlaigh fós ag téarnamh ó dhrochiarmhairtí eacnamaíocha phaindéim COVID-19. Ina theannta sin, tá boillsciú níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ag géarú ar choinníollacha airgeadais.
- (2) Baineann na forbairtí sin le hionchas maicreacnamaíoch an Aontais. Rinneadh réamhaisnéisí fáis na holltáirgeachta intíre (OTI) a laghdú le haghaidh 2023 agus tá méadú tagtha ar an dóchúlacht go mbeidh cúlú eacnamaíochta ann le linn gheimhreadh 2022/2023. Tá difríochtaí idir rioscaí ar an taobh thíos ar fud na mBallstát, go háirithe mar gheall ar a spleáchas éagsúil ar allmhairí fuinnimh ón Rúis agus mar gheall ar dhéine fuinnimh na slabhraí táirgeachta éagsúla. Ar an iomlán, tá an dóchúlacht go dtiocfaidh cásanna ardriosca chun cinn ag brath ar ghéarú breise ar theannas geopholaitiúil; méid agus fad an choir chun donais eacnamaíoch; agus buanseasmhacht an bhoilscithe ard.

⁽¹⁾ (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3).

⁽²⁾ IO L 331, 15.12.2010, lch. 1.

⁽³⁾ OJ C 58, 24.2.2011, lch. 4.

- (3) Chuir an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) a inmí in iúl maidir le héiginnteacht mhéadaithe agus maidir leis an dóchúlacht mhéadaithe go dtiocfadh cásanna ardriosca chun cinn níos luaithe i mbliana (*). Mar gheall ar an méadú breise ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais, tá gá anois le Rabhadh Ginearálta a eisiúint, i gcomhréir le sainordú BERS. Sainaitníodh trí mhór-riosca shistéamacha don chobhsaíocht airgeadais.
- (4) Ar an gcéad dul síos, tugann an meath ar an ionchas maicreacnamaíoch mar aon le géarú na gcoinníollacha maoiniúcháin le tuiscint go dtiocfaidh méadú athnuaithe ar strus an chláir chomhardaithe i gcás corparáidí neamhairgeadais agus teaghlach, go háirithe in earnálacha agus i mBallstáit is mó a ndéanann praghsanna fuinnimh atá ag méadú go tapa difear dóibh. Baineann na forbairtí sin le cumas freastalaithe fiachais NFCanna agus teaghlach.
- (5) Ar an dara dul síos, tá rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a eascraíonn as titim ghéar ar phraghsanna sócmhainní dian i gcónaí. D'fhéadfadh sé sin cailteanais mhóra marcála ón margadh a spreagadh, rud a d'fhéadfadh, dá réir sin, luaineacht an mhargaidh a mhéadú agus brúnna leachtachta a chruthú. Ina theannta sin, mar gheall ar an méadú ar leibhéal agus luaineacht na bpraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí, tá glaonna ar chorrach mór ann do rannpháirtithe sna margáí sin. Chruthaigh sé sin tréithchineálacha leachtachta do roinnt rannpháirtithe.
- (6) Ar an tríú dul síos, tá tionchar ag an meath ar na hionchais maicreacnamaíocha ar cháilíocht sócmhainní agus ar ionchas brabúsachta na n-institiúidí creidmheasa. Cé go bhfuil earnáil baincéireachta na hEorpa ina hiomláine caipitlithe go maith, thabharfadh meath suntasach ar an ionchas maicreacnamaíoch le tuiscint go dtiocfaidh méadú athnuaithe ar an riosca creidmheasa tráth a bhfuil roinnt institiúidí creidmheasa fós i mbun fadhbanna cáilíochta sócmhainní a bhaineann le paindéim COVID-19 a oibriú amach. Bíonn tionchar ag tosca struchtúracha freisin ar athléimneacht institiúidí creidmheasa, lena n-áirítear ró-acmhainneacht, iomaíocht ó sholáthraithe nua seirbhísí airgeadais chomh maith le neamhchosaint ar chibear-rioscaí agus rioscaí aeráide.
- (7) Chomh maith leis na trí dhianriosca sistéamacha sin don chobhsaíocht airgeadais, tá na rioscaí arda sistéamacha seo a leanas sainaitheanta ag BERS freisin.
- (8) Tháinig méadú breise ar leochaileachtaí in earnáil na réadmhaoine cónaithe i roinnt mhaith Ballstát sa chéad leath de 2022 ar chúl phraghas na dtithe snámhacha agus ar fhás an iasachtaithe morgáiste, rud a chiallaíonn go dtiocfaidh méadú breise ar rioscaí timthriallacha. Mar sin féin, is féidir a bheith ag súil leis go gcuirfear brú anuas ar phraghsanna tithe agus go dtiocfaidh rioscaí timthriallacha chun cinn mar gheall ar laghdú ar ioncam iarbhrí teaghlach, áfach, mar gheall ar rátaí morgáiste atá ag dul in olcas agus an cumas atá ag dul in olcas i ngeall ar laghdú ar fhíorioncamteaghlach.
- (9) Is dúshlán d'earnáil an réadmhaoine tráchtála (RT) é an meath ar an ionchas maicreacnamaíoch freisin, rud a léiríonn an méadú atá ag teacht ar chostais mhaoiniúcháin agus ar phraghsanna tógála, scrogaill i soláthar ábhar tógála chomh maith le treochtaí struchtúracha amháil éileamh níos ísle ar spás oifige. Ós rud é go bhfuil corrlaigh bhrabúis in earnáil RT an Aontais íseal cheana féin, d'fhéadfadh na forbairtí sin roinnt tionscadal infheistíochta RT atá ann cheana nó atá beartaithe a fhágáil neamh-inbhrabúsach, rioscaí mainneachtana a mhéadú agus ábhair inmí a mhéadú maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha a bhaineann le RT, atá ard cheana féin agus atá ag dul i méid.
- (10) De dheasca an chogaidh san Úcráin, tá méadú tagtha ar an dóchúlacht go dtarlóidh cibeartheagmhais ar mhórsála, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar bhonneagair chriticiúla eacnamaíocha agus airgeadais, agus dochar a dhéanamh do sholáthar príomhsheirbhísí eacnamaíocha agus airgeadais.
- (11) Tá dinimic an fhiachais cheannasaigh mheántearmaigh ag baint leis an moilliú ar an bhfás eacnamaíoch agus leis an ngéarú ar dhálaí airgeadais. Tá féichiúnas ard poiblí fós ar cheann de na príomhleochaileachtaí maicreacnamaíocha i roinnt Ballstát.
- (12) Mar gheall ar an méadú ar na rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais, tá gá le freagairt bheartais chinntitheach. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí athléimneacht earnáil airgeadais an Aontais a chaomhnú nó a fheabhsú chun a áirithiú go mbeidh ar a cumas tacú leis an bhfíorghilleagar má thagann agus nuair a thiocfaidh rioscaí don chobhsaíocht airgeadais chun cinn.

(*) Preaseisiúint an 31 Márta 2022, tar éis an 45ú gnáthchruinniú de Bhord Ginearálta BERS an 24 Márta 2022 agus tar éis preasráiteas an 30 Meitheamh 2022, tar éis an 46ú cruinniú rialta de Bhord Ginearálta BERS an 23 Meitheamh 2022, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu

- (13) Rannchuidíonn údaráis mhaoirseachta anAontais agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta sna hearnálacha airgeadais baincéireachta agus neamhbhainc le hathléimneacht earnáil airgeadais an Aontais trí fhaireachán a dhéanamh ar leochaileachtaí an chórais airgeadais agus na n-institiúidí atá faoina gcúram agus trí aghaidh a thabhairt orthu, i ndlúthchomhar le chéile. Ba cheart do na húdaráis ábhartha leas a bhaint as raon iomlán na n-uirlisí micreastuamachta agus macrastuamachta chun na rioscaí sin a shrianadh agus a dtionchar a mhaolú, má thagann siad chun cinn. I gcás nach bhfuil uirlisí macrastuamachta ar fáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis úsáid a bhaint as a gcumhachtaí maoirseachta chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus chun a áirithiú nach ndéanfar dochar do na margáí. Chuirfeadh dlúthchomhar idir na húdaráis ábhartha feabhas ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bhfreagairtí beartais, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí trasearnála agus trasteorann, agus ag an am céanna comhthimthriallacht, ilroinnt an mhargaidh agus seachtrachtaí diúltacha do Bhallstáit eile a sheachaint.
- (14) Is féidir le hinstiúidí creidmheasa gníomhú mar chéad líne chosanta, trína áirithiú go dtugann a gcleachtais soláthair agus a bpleanáil caipitil cuntas mar is ceart ar chailteanais a bhfuiltear ag súil leo agus ar chailteanais gan choinne a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an meath ar an timpeallacht riosca. Áirítear leis sin a réamh-mheastachán chaipitil féin a choigeartú go réamhghníomhach agus go rialta faoin mbonnlíne agus faoi chásanna díobhálacha. Ba cheart go léireodh an dara ceann cásanna maicreacnamaíochta atá coimeádach agus cothrom le dáta go leor, ag glacadh le strus tromchúiseach, ach sochreidte ar feadh tréimhsí fada. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa infheictheacht mhaith a áirithiú freisin maidir lena rioscaí leachtachta gearrthéarmacha agus maidir lena bpleananna teagmhasacha nithiúla chun dul i ngleic leis na rioscaí sin. Tá sé sin rithábhachtach freisin má thagann aon rioscaí don chobhsaíocht airgeadais chun cinn agus chun muinín an mhargaidh in institiúidí creidmheasa a chaomhnú.
- (15) Trí chleachtais bainistithe riosca stuama institiúidí creidmheasa, maoláin chaipitil mhicreastuamachta agus macrastuamachta atá comhsheasmhach leis an leibhéal riosca atá ann faoi láthair, cuidítear le hathléimneacht institiúidí creidmheasa a áirithiú. Tá beartais macrastuamachta níos doichte cheana féin ag roinnt údarás náisiúnta, agus tá cinn eile ag fiosrú faoi láthair an bhféadfaí beartais macrastuamachta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí. Dá ndéanfaí maoláin macrastuamachta a chaomhnú nó a fhorbairt tuilleadh, thacófaí le hathléimneacht institiúidí creidmheasa agus chuirfí ar chumas na n-údarás na maoláin sin a scaoileadh, dá dtiocfadh rioscaí chun cinn agus go mbeadh tionchar diúltach acu ar chlár chomhardaithe institiúidí creidmheasa. Neartódh sé sin, dá réir sin, cumas na n-institiúidí creidmheasa cailteanais a ionsú, agus san am céanna soláthar seirbhísí criticiúla don fhíorgheilleagar a choinneáil ar bun. Ba cheart cinní maidir le beartais macrastuamachta a dhéanamh agus ionchas sonrach macra-airgeadais agus coinníollacha na hearnála baincéireachta á gcur san áireamh, chun an riosca comhthimthriallachta a theorannú.
- (16) Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais lasmuigh d'earnáil na baincéireachta. Chuige sin, ní mór dul i ngleic le leochaileachtaí agus athléimneacht institiúidí airgeadais neamhbhainc agus airgeadais margadhbhunaithe a mhéadú. Tá sé rithábhachtach dul i ngleic le tréithchineálacha leachtachta agus maoinithe le haghaidh contrapháirtithe neamhairgeadais atá rannpháirteach i margáí na ndíorthach fuinnimh. Níor cheart, áfach, ceanglais stuamachta maidir le himréiteach lárnach a mhaolú. Ina theannta sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar neamhréireanna leachtachta struchtúracha i gcineálacha áirithe cistí infheistíochta. Ba cheart bainisteoirí cistí a spreagadh freisin chun úsáid a bhaint as uirlisí bainistithe leachtachta nuair is gá. Ina theannta sin, maidir le hárachas, méadaíonn clár chomhardaithe teaghlach sínte an riosca go rachaidh Conradh Árachais i léig, rud a d'fhéadfadh bearna na cosanta a leathnú ach faireachán leachtachta a dhéanamh ábhartha freisin.
- (17) Trína áirithiú go léiríonn a gcleachtais bainistithe riosca go leordhóthanach an meath atá tagtha ar an timpeallacht riosca agus trí threoir agus ionchais na maoirseoirí a chur san áireamh, is féidir le hinstiúidí airgeadais neamhbhainc iad féin a n-athléimneacht a neartú tuilleadh agus cuidiú le cosc a chur ar chásanna ardriosca teacht chun cinn. Mar shampla, i gcás cistí infheistíochta, ciallaíonn sé sin dlúthfhaireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna nó gearáil leachtachta iomarcacha a d'fhéadfadh a bheith ann; i gcás contrapháirtithe lárnacha (CPLanna), comhaltáí imréitigh agus a gclaint, ciallaíonn sé sin faireachán a dhéanamh ar neamhchosaintí díorthach chomh maith le haghaidh a thabhairt ar riosca comhchruinnithe agus ar chomhthimthriallacht i gcleachtais earlaise feadh shlabhra na gcontrapháirtithe lárnacha, na gcomhaltáí imréitigh agus a gcliant; agus i gcás árachóirí, ciallaíonn sé sin aird ghéar a thabhairt ar rioscaí margaidh agus leachtachta, a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás ina mbeadh méadú tagtha ar luaineacht sa mhargadh agus ar mhór-éiginnteacht.

- (18) Thug BERS dá aire arís agus arís eile ⁽⁵⁾ go bhfuil easpa uirlisí agcur isteach ar chumas na n-údarás aghaidh a thabhairt ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais lasmuigh d'earnáil na baincéireachta. D'iarr sí go gcuirfí na huirlisí sin ar fáil do na húdaráis, mar shampla, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar na rialacha stuamachta lena rialaítear cistí infheistíochta agus árachóirí. Mar gheall ar an timpeallacht riosca mhéadaithe atá ann faoi láthair, tá sé seo níos práinní,

TAR ÉIS AN RABHADH SEO A GHLACADH:

ROINN 1

Rabhadh

Go dtí seo, tá sé cruthaithe ag córas airgeadais an Aontais go bhfuil sé athléimneach ó thaobh teannas geopholaitiúil agus éiginnteacht eacnamaíoch a mhéadú. Mar sin féin, tá roinnt rioscaí tromchúiseacha don chobhsaíocht airgeadais sainaitheanta ag an mBord Eorpach um Riosca Sistémach (BERS). D'fhéadfadh na rioscaí sin teacht chun cinn go comhuaineach, agus ar an gcaoi sin idirghníomhú lena chéile agus a dtionchar a mhéadú go frithpháirteach. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar an dóchúlacht go dtiocfaidh cásanna ardriosca chun cinn ó thús 2022 agus is measa fós é mar gheall ar na forbairtí geopholaitiúla is déanaí. Bíonn tionchar ag na forbairtí geopholaitiúla sin ar phraghsanna agus ar sholáthar fuinnimh, rud a fhágann go bhfuil méadú athnuaithe ar an strus sa chlár comhardaithe do ghnólachtaí agus do theaghlaigh. Thairis sin, tá an boilsciú níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ag géarú ar dhálaí airgeadais, rud a d'fhéadfadh strus a mhéadú san earnáil airgeadais.

D'fhéadfadh meath suntasach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ina chúis le méadú athnuaithe ar riosca creidmheasa tráth a bhfuil roinnt institiúidí creidmheasa fós i mbun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta sócmhainní a bhaineann le paindéim COVID-19 atá teoranta go dtí seo mar gheall ar bhearta forleathana tacaíochta poiblí. Ar an dara dul síos, tá rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a eascraíonn as titim ghéar ar phraghsanna sócmhainní dian i gcónaí. D'fhéadfadh rátaí morgáiste atá ag ardú agus an meath ar chumas seirbhísithe fiachais mar gheall ar laghdú ar ioncam réadach teaghlaigh brú anuas a chur ar phraghsanna tithe. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé seo tús a chur le teacht chun cinn rioscaí timthriallacha carntha i margaí réadmhaoine. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar an dóchúlacht go mbeidh tionchar ag cibeartheagmhais mhórsála ar an gcóras airgeadais.

I bhfianaise an mhéadaithe ar na rioscaí sistémacha don chobhsaíocht airgeadais, measann BERS gur gá d'institiúidí na hearnála príobháidí, do rannpháirtithe sa mhargadh agus d'údaráis ábhartha leanúint d'ullmhú a dhéanamh le haghaidh cásanna eire-riosca a theacht chun cinn. Tá sé rithábhachtach i gcónaí athléimneacht earnáil airgeadais an Aontais a chaomhnú nó a fheabhsú chun a áirithiú go mbeidh ar a cumas tacú leis an bhfíorghilleagar má thagann agus nuair a thiocthaí rioscaí don chobhsaíocht airgeadais chun cinn. Tá dlúth-chomhordú idir na húdaráis ábhartha agus cleachtais tuama bainistithe riosca ar fud na n-earnálacha airgeadais agus na rannpháirtithe margaidh uile rithábhachtach i gcónaí chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar leochaileachtaí, agus ilroinnt an mhargaidh agus seachtrachtaí diúltacha do Bhallstáit eile á seachaint ag an am céanna.

Is féidir le hinstiúidí creidmheasa gníomhú mar chéad líne chosanta, trína áirithiú go dtugann a gcleachtais soláthair agus a bpleanáil caipitil cuntas mar is ceart ar chailleanais a bhfuiltear ag súil leo agus ar chailleanais gan choinne a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an meath ar an timpeallacht riosca. Áirítear leis sin a réamh-mheastacháin chaipitil féin a choigeartú go réamhghníomhach agus go rialta faoin mbonnlíne agus faoi chásanna díobhálacha. Ba cheart go léireodh an dara ceann cásanna maicreacnamaíoch a atá coimeádach agus cothrom le dáta go leor, ag glacadh le strus tromchúiseach, ach sochreidte ar feadh tréimhsí fada. Thairis sin, trí rioscaí leachtachta gar-théarma a thuar agus a ullmhú, áiritheoidh institiúidí creidmheasa go mbeidh teacht aniar láithreach acu, i gcás ina dtiocfadh aon cheann de na rioscaí thuasluaite chun cinn.

Trí chleachtais bainistithe riosca tuama institiúidí creidmheasa, maoláin chaipitil mhicreastuamachta agus mhacrastuamachta atá comhsheasmhach leis an leibhéal riosca atá ann faoi láthair, cuidítear le hathléimneacht institiúidí creidmheasa a áirithiú. Dá ndéanfaí maoláin mhacrastuamachta a chaomhnú nó a fhorbairt tuilleadh, thacófaí le hathléimneacht institiúidí creidmheasa agus chuirfí ar chumas na n-údarás na maoláin sin a scaoileadh, dá dtiocfadh rioscaí chun cinn agus go mbeadh tionchar diúltach acu ar chlár comhardaithe institiúidí creidmheasa. Ba cheart cinntí maidir le beartas macrastuamachta a dhéanamh agus ionchas sonrath macra-airgeadais agus coinníollacha na hearnála baincéireachta á gcur san áireamh, chun an riosca comhthimthriallachta a theorannú.

⁽⁵⁾ Moladh BERS/2017/6 ón mBord Eorpach um Riosca Sistémach an 07 Nollaig 2017 maidir le sainordú macrastuamachta na n-údarás náisiúnta (IO C 151, 30.4.2018, lch. 1). Beartas macrastuamachta seachas baincéireacht: páipéar straitéise BERS, 19 Iúil 2016; Freagra BRA ar Pháipéar Comhairliúcháin ÚEAPC maidir le hathbhreithniú 2020 ar Shócmhainneacht II, 17 Eanáir 2020; agus litir Freagartha chuig Comhairliúchán leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an athbhreithniú ar Shócmhainneacht II, 16 Deireadh Fómhair 2020, ar fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu

Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar rioscaíobhsaíochta airgeadais lasmuigh d'earnáil na baincéireachta. Chuige sin, ní mór dul i ngleic le leochaileachtaí agus athléimneacht institiúidí airgeadais neamhbhainc agus airgeadais margadhbhunaithe a mhéadú. I gcás nach bhfuil uirlisí macrastuamachta ar fáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis úsáid a bhaint as a gcumhachtaí maoirseachta chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus chun a áirithiú nach ndéanfar dochar do na margaí. Ba cheart d'údaráis ábhartha leanúint d'fhaireachán dlúth a dhéanamh ar rioscaí agus feabhas a chur ar idirphlé maoirseachta le hinstiúidí airgeadais neamhbhainc faoi mhaoirseacht i gcás inar gá. Trína áirithiú go léiríonn a gcleachtais bainistithe riosca na rioscaí méadaithe agus antreoir agus na hionchais ó mhaoirseoirí aireachais, is féidir le hinstiúidí airgeadais neamhbhainc a n-athléimneacht a neartú tuilleadh.

Lasmuigh den earnáil airgeadais, ní mór dul i ngleic le brú leachtachta do chorparáidí neamhairgeadais atá rannpháirteach i margaí na ndíorthach fuinnimh freisin. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh costas ag baint leis sin chun ceanglais stuamachta do chórais imreítigh lárnacha a mhaolú.

ROINN 2

Sainmhínte:

Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(a) ciallaíonn “údaráis ábhartha”:

- BCE maidir leis na cúraimí a thugtar dó i gcomhréir le hAirteagal 4(1), Airteagal 4(2) agus Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ⁽⁶⁾;
- na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;
- na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta;
- údarás ainmnithe de bhun Chaibidil 4 de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ nó Airteagal 458(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾;

(b) Ciallaíonn “na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha” nó “na ÚMEanna” an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, mar aon leis an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ agus an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾;

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

⁽⁷⁾ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

- (c) ciallaíonn “údarás maoirseachta náisiúnta” údarás inniúil nó maoirseachta i mBallstát mar a shonraítear in Airteagal 4(1), pointe (40), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus in Airteagal 3(1), pointe (36) de Threoir 2013/36/AE; in Airteagal 13, pointe (10), de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾, in Airteagal 67(1) de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ agus in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 22 Meán Fómhair 2022.

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

⁽¹²⁾ Treoir 2000/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Atharachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (OJ L 335, 17.12.2009, lch. 1).

⁽¹³⁾ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).